




Boilb

Céim	Snáithe	Snáithaonad
1	Tomhais	Ag Tomhas

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
Trí eispéiris chúí foghlama spráíúla, ba cheart go mbeadh na leanaí in annfeasacht a léiriú gur féidir gnéithe rudaí amhail fad, meáchan, toilleadh agus achar a thomhas agus a chur i gcomparáid lena chéile.	- Tá gnéithe ag rudaí gur féidir a thomhas ar nós fad, meáchan, toilleadh agus achar. - Is é ceann de chuspóirí an tomhais, chun rudaí a chur i gcomparáid. - Is féidir linn rudaí a chur i gcomparáid agus a chur in ord de réir aitreabúid faoi leith (méid fisiciúil) atá acu i gcomparáid lena chéile.

Matamaitic á Foghlaim



1

Cruthaíonn na foghlaimeoirí boilb san eispéireas foghlama seo agus cuireann siad i gcomparáid lena chéile iad ó thaobh faid de.

D'fhéadfadh go gcuimseofaí cré, taos súgartha nó naisc leis na hábhair, ach ní liosta iomlán é seo. Ba cheart go dtarraingeofaí aird ar an tábhacht maidir le bonnlíne a úsáid chun a chinntiú go dtosaíonn na foghlaimeoirí ag tomhas a mbolb ón túsphointe

céanna, e.g. trí na boilb a chur i líne ar imeall an bhoird.

Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Fadhbanna a Réiteach
An foghlaimeoir			
Glacann sé páirt i ngníomhaíochtaí ina ndéantar comparáidí díreacha idir réada, m.sh. <i>"Tá bolb John níos faide ná bolb Luke"</i> &rl.	Éisteanann sé le raon scéalta agus rímeanna a bhaineann le coincheap an tomhais agus freagraíonn sé iad, e.g. <i>An Bolb Stiúgtha</i> .	Tuarann sé an chomparáid a bheidh idir faid na réad.	Cuireann sé réada i gcomparáid lena chéile agus cuireann sé in ord iad de réir a bhfaid.

¹ Íomhá ó <https://eric-carle.com/eric-carle-book-gallery/the-very-hungry-caterpillar-1969/>



Matamaitic á Teagasc	
Meon Táirgiúil a Chothú	Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic
Tabhair an deis do na foghlaimeoirí idirghníomhú agus oibriú i gcomhar lena bpiaraí agus réada á dtomhas acu. Tabhair ugach do na leanaí patrúin agus naisc a thabhairt faoi deara, a fhiosrú agus a phlé.	Tabhair marla nó taos súgartha do na leanaí agus pictiúir de bhoilb, agus abair leo a mboilb féin a chruthú. Cuir teanga mhatamaiticiúil i láthair agus athneartaigh í agus í ag teacht chun cinn tríd an spraoi, e.g. • Níos faide/níos gaire/níos airde ná • Ag tomhas • Tuar

Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil

Tabhair spreagadh do na páistí samhlacha matamaiticiúla a thógáil, a thástáil agus a chur i bhfeidhm ionas go bhfuil a bhfoghlaime le feiceáil.

Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid	Cómhrá Mata a Chur Chun Cinn
Lig do na foghlaimeoirí saoirse agus neamhspleáchas a bheith acu chun a gcuid samhlacha agus conairí réiteach féin a fhorbairt agus a léiriú.	Cuir am feithimh san áireamh chomh maith le ham le haghaidh idirghníomhaíochtaí leanúnacha, comhroinnt, agus machnamh. D'fhéadfaí go n-áireofaí ar na heochaircheistean; • Inis dom faoi do bholb. • Cé a rinne an bolb is faide? Cén chaoi a bhfuil a fhios agaibh?

Measúnú a Dhéanamh ar Mhatamaitic

- An dtuigeann na foghlaimeoirí an gá le bonnlíne agus réada á gcur i comparáid lena chéile acu de réir faid?
- An bhfuil na foghlaimeoirí in ann úsáid a bhaint as an teanga chomparáideach a bhaineann le fad?
- Ar ghlac na foghlaimeoirí páirt ghníomhach san eispéireas foghlama agus ar bhain siad sásamh as?

Foinse

Curtha in oiriúint ó: [Tomhais: Lámhleabhar an Mhúinteora](#) lch 37